



2026/1872

12.8.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1872 ÓN gCOIMISIÚN
an 29 Iúil 2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2070 a mhéid a bhaineann le punanna tagarmhairc, teimpléid tuairiscithe agus treoracha tuairiscithe atá le cur i bhfeidhm san Aontas maidir leis an tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 78(2) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 78(8), an ceathrú fomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir (AE) 2024/1619 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ leasaíodh Treoir 2013/36/AE, *inter alia* chun ceanglais a bhaineann le rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais a thabhairt isteach sa Treoir sin agus chun na ceanglais tagarmharcála maoirseachta a leasú. Ba cheart na leasuithe sin a léiriú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2070 ón gCoimisiún ⁽³⁾.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1496 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ leasaíodh Airteagal 520a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ chun cur i bhfeidhm chaighdeáin an Athbhreithnithe ó Bhonn ar an Leabhar Trádála lena ríomhtar na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a chur siar. Mar thoradh ar an leasú sin, ceanglaítear ar institiúidí, go dtí an 1 Eanáir 2027, leanúint den chreat riosca margaidh a leagtar síos sa leagan de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 atá i bhfeidhm an 8 Iúil 2024 a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ba cheart raon feidhme chur i bhfeidhm an chleachtaidh tagarmharcála a bheith teoranta go sealadach d'institiúidí a gceadaítear dóibh cineálacha cur chuige inmheánacha a úsáid (Cur Chuige na Samhlacha Inmheánacha) dá dtagraítear in Airteagal 78 (1), pointe (a), de Threoir 2013/36/AE.
- (3) Thairis sin, is tráthúil an bailiú sonraí le haghaidh institiúidí a úsáideann cur chuige na samhlacha inmheánacha agus a thagann faoi raon feidhme an chleachtaidh maidir le riosca margaidh a bheith teoranta d'eilimintí an Chur Chuige Chaighdeánaithe Mhalartaigh go dtí an 1 Eanáir 2027. Laghdódh sé sin go mór an t-ualach ar na h-institiúidí rannpháirteacha le linn na tréimhe sin, ach ráthódh sé fós inchomparáideacht na mbailiúcháin bliantúil sonraí agus d'áiríteodh sé soláthar na sonraí is úsáidí dar leis na maoirseoirí.

⁽¹⁾ IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj>.

⁽²⁾ Treoir (AE) 2024/1619 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le cumhachtaí maoirseachta, smachtbhannaí, brainsí tríú tír, agus rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (IO L, 2024/1619, 19.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1619/oj>).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2070 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le teimpléid, sainmhínte agus réitigh TF atá le húsáid ag institiúidí agus iad ag tuairisciú don Udarás Baincéireachta Eorpach agus do na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 78(2) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 2.12.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/2070/oj).

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1496 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh (IO L, 2025/1496, 19.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1496/oj).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj>).

- (4) Tá na teimpléid le haghaidh tuairisciú maoirseachta ar úsáid Chur Chuige IRB i leith riosca creidmheasa i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾. Dá bhrí sin, is iomchuí a áirithiú maidir le tagarmharcáil riosca creidmheasa, go ndéanfar aicmí na neamhchosanta a úsáidtear chun na punanna tagarmharcála a chinneadh a ailíniú leis an miondealú a gcloítear leis i dteimpléid IRB maidir le riosca creidmheasa a leagtar síos sa Rialachán Cur Chun Feidhme sin
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2070 a leasú dá réir sin.
- (6) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) faoi bhráid an Choimisiúin.
- (7) Rinne ÚBE comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2070 mar a leanas:

- (1) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II;
- (2) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn V;
- (3) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VI;
- (4) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VII;
- (5) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn X.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2024 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún (IO L, 2024/3117, 27.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3117/oj).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj>).

IARSCRÍBHINN I

‘IARSCRÍBHINN II

PUNANNA TAGARMHARCÁLA MAOIRSEACHTA

SAINMHÍNIÚ AR PHUNANNA TAGARMHARCÁLA MAOIRSEACHTA	4
C 101.00 – Sainmhíniú ar Chontrapháirtithe Punainne Íosmhainneachtana	4
C 102.00 – Sainmhíniú ar Phunanna Íosmhainneachtana	5
Cuirfear an mhapáil seo a leanas idir na haicmí neamhchosanta agus an miondealú ar theimpléad CR IRB i bhfeidhm:	
C 103.00 – Sainmhíniú ar Phunanna Ardmhainneachtana	12
Cuirfear i bhfeidhm an mhapáil seo a leanas idir na haicmí neamhchosanta agus an miondealú ar theimpléad Riosca Creidmheasa IRB:	
C 104.00 – Sainmhíniú ar Phunanna Ardmhainneachtana le haghaidh theimpléid IFRS 9	15

SAINMHÍNIÚ AR PHUNANNA TAGARMHARCÁLA MAOIRSEACHTA

Agus neamhchosaintí na n-institiúidí ar na contrapháirtithe agus ar na punanna a shonraítear in Iarscríbhinn I á mapáil, úsáidfidh an institiúid na colúin, na lipéid, na tagairtí dlíthiúla agus na treoracha atá le fáil san Iarscríbhinn seo.

I gcás ina n-úsáidtear ‘Neamhbhainteach’ in Iarscríbhinn I, ní bheidh gá le haon roinnt shonrach le haghaidh na hathróige lena mbaineann sé.

C 101.00 – Sainmhíniú ar Chontrapháirtithe Punainne Íosmhainneachtana

Ní thuairisceofar in Iarscríbhinn III, teimpléad C 101.00, ach neamhchosaintí ar na contrapháirtithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, tábla C 101.00, a láimhseáiltear faoi Bhunchur chuige IRB nó faoi Ardchur chuige IRB. In Iarscríbhinn VIII, tuairisceofar freisin teimpléid C 111.00, C 112.00 agus C 113.00, neamhchosaintí ar chontrapháirtithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, tábla C 101.00, a láimhseáiltear faoin gcur chuige caighdeánaithe. Go neamhspleách ar an gcur chuige rialála, ní thuairisceofar neamhchosaintí ar eintitis ghaolmhara na gcontrapháirtithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, tábla C 101.00, lena n-áirítear fochuideachtaí agus máthairchuideachtaí.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Cód an chontrapháirtí		An cód arna shannadh ag ÚBE do gach eintiteas dlíthiúil a áirítear sa sampla punainne íosmhainneachtana (‘LDP’).
0020	Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (LEI)		Cód 20 digit, alfa-uimhriúil a nascann le príomhfhaisnéis tagartha lenar féidir cuideachtaí atá rannpháirteach i margaí airgeadais domhanda a shainaithint go soiléir uathúil.
0030	Cód cláir creidmheasa		An cód a úsáideann an clár creidmheasa náisiúnta in áit chónaithe an chontrapháirtí. Úsáidtear an cód mar aitheantóir le haghaidh an chontrapháirtí.
0040	Cód cláir tráchtála		An cód arna shannadh do chontrapháirtí ag clár tráchtála poiblí na tíre ina bhfuil an contrapháirtí sin cláraithe.
0050	Cód ISIN		An ‘Uimhir Aitheantais Urrús Idirnáisiúnta’ (ISIN) a úsáidtear chun urrúis arna n-eisiúint ag contrapháirtí a shainaithint go huathúil.
0060	Ticear Bloomberg		An tsraith carachtar nó uimhreacha a úsáidtear chun cuideachta nó eintiteas a shainaithint go huathúil in Bloomberg.
0070	Ainm		Ainm an eintitis dhlíthiúil a áirítear sna samplaí LDP.
0080	An limistéar geografach		Tír chónaithe (Cód ISO nó ‘Tíortha eile’) an chontrapháirtí (0010).
0090	Ainm na punainne		An sampla dá sanntar an contrapháirtí (0010). Is ceann díobh seo a leanas é: (a) Sampla ceannasach; (b) Sampla institiúidí; (c) Sampla corparáide móire.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0100	Earnáil an chontrapháirtí	Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún	An earnáil eacnamaíoch ábhartha dá sanntar an contrapháirtí (0010), is ceann díobh seo a leanas é: (a) bainc cheannais; (b) rialtais ghinearálta; (c) institiúidí creidmheasa; (d) corparáidí airgeadais eile; (e) corparáidí neamhairgeadais; (f) teaghlaigh; (g) neamhbhainteach. Sanntar contrapháirtithe d'earnálacha i gcomhréir leis na treoracha in Iarscríbhinn V, Roinn 1, pointe 42 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 le haghaidh gach contrapháirtí seachas 'an Banc Eorpach Infheistíochta', a shannfar do (b) Rialtais ghinearálta toisc go gcaitear leis mar bhanc forbartha iltaobhach faoi Airteagal 117(2), pointe (j), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
0110	An cineál neamhchosanta		Ní thuairisceofar in Iarscríbhinn III, teimpléad C 101.00 ach neamhchosaintí nach neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe iad.
0120	An cineál saoráide		Neamhbhainteach: tuairisceofar neamhchosaintí in Iarscríbhinn III, teimpléad C 101.00, neamhspleách ar chineál na saoráide.
0130	An cineál riosca		Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn an chineáil riosca: (a) riosca creidmheasa contrapháirtí; (b) riosca creidmheasa agus seachadtaí saor ó íocaíocht; (c) riosca creidmheasa, riosca creidmheasa contrapháirtí agus seachadtaí saor ó íocaíocht.
0140	An cur chuige rialála		Déanfar neamhchosaintí ar chontrapháirtithe a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn an chur chuige rialála a úsáidtear chun an méid neamhchosanta ualaithe de réir riosca a ríomh: (a) bunchur chuige IRB; (b) ardchur chuige IRB; (c) Cur Chuige Caighdeánaithe.

C 102.00 – Sainmhíniú ar Phunanna Íosmhainneachtana

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Comhartha aitheantais na punainne		Comhartha aitheantais uathúil a shannann ÚBE don phunann.
0020	Ainm na punainne		Sanntar gach punann do cheann de na hainmneacha punainne seo a leanas: (a) ceannasach; (b) institiúidí; (c) corparáidí móra; (d) neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe, lena gcuimsítear na neamhchosaintí uile a shainítear faoi Airteagal 147(2)(c)(ii) agus Airteagal 147(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0030	An cineál riosca		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0130 de thábla C 101.00.
0040	An cur chuige rialála		Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn an chur chuige a úsáidtear chun an méid neamhchosanta ualaithe de réir riosca a ríomh: (a) bunchur chuige IRB; (b) ardchur chuige IRB; (c) critéir um shliotánú iasachtaithe speisialaithe.
0050	An limistéar geografach		Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn thír chónaithe (Cód ISO nó 'Tíortha eile') na bhféichiúnaithe.
0060	Rátáil	Airteagal 153(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn rang na rátála inmheánaí a chuireann an institiúid i bhfeidhm ón riosca is ísle go dtí an riosca is airde seachas mainneachtainí a bhfuil dóchúlacht mainneachtana ('PD') acu a chomhfhreagraíonn do 100 %. Leis an rangú, tógfar luachanna as Rátáil 1, Rátáil 2 etc.
		Teimpléad C08.02 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún agus treoracha gaolmhara.	I gcás ina gcuireann an institiúid tuairiscithe córas rátála uathúil i bhfeidhm nó i gcás inar féidir léi tuairisciú i gcomhréir le máistirscála inmheánach, úsáidfear an máistirscála inmheánach sin. I ngach cás eile, comhtháthófar na córais rátála éagsúla agus cuirfear in ord iad de réir na dtreoracha seo a leanas: (a) déanfar gráid féichiúnaí na gcóras rátála éagsúil a chomhthiomsú agus a chur in ord, ón PD is ísle a shanntar do gach grád féichiúnaí go dtí an PD is airde; (b) i gcás ina n-úsáidtear líon mór grád nó comhthiomsuithe, féadfar teacht ar chomhaontú leis na húdaráis inniúla maidir le líon laghdaithe grád nó comhthiomsuithe a bheidh le tuairisciú.
			I gcás neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe a ndéantar ualú riosca orthu i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach in Airteagal 153(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, beidh an scoilt rátála bunaithe ar an gcatagóir ualaigh riosca maoirseachta a thugtar tuairisc uirthi i dTábla 1 den Airteagal sin, mar a leanas: (a) rátáil 1: catagóir 1 a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná 2,5 bliain inti; (b) rátáil 2: catagóir 2 a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná 2,5 bliain inti; (c) rátáil 3: catagóir 3 a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná 2,5 bliain inti; (d) rátáil 4: catagóir 4 a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná 2,5 bliain inti; (e) rátáil 5: catagóir 1 a bhfuil aibíocht iarmhair cothrom le 2,5 bliain nó is mó ná sin inti; (f) rátáil 6: catagóir 2 a bhfuil aibíocht iarmhair cothrom le 2,5 bliain nó is mó ná sin inti; (g) rátáil 7: catagóir 3 a bhfuil aibíocht iarmhair cothrom le 2,5 bliain nó is mó ná sin inti; (h) rátáil 8: catagóir 4 a bhfuil aibíocht iarmhair cothrom le 2,5 bliain nó is mó ná sin inti. Úsáidfear an scála rátála a úsáidtear le haghaidh tuairisciú in Iarscríbhinn I, teimpléad C 08.02, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451. I gcás ina n-úsáideann an institiúid máistirscála grúpa, úsáidfear an máistirscála sin.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha																						
0070	Aicme na neamhchosanta	Iarscríbhinn II, Mír 76, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn aicme na neamhchosanta: (a) rialtais láir agus bainc cheannais; (b) institiúidí; (c) I gcás neamhchosaintí corparáidí i bPunanna Íosmhainneachtana: (c.1) corparáidí – ginearálta; (c.2) corparáidí – neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe; (e) neamhbhainteach. Cuirfear an mhapáil seo a leanas idir na haicmí neamhchosanta agus an miondealú ar theimpléad CR IRB i bhfeidhm:																						
			<table><tr><th colspan="2">Aicme na Neamhchosanta</th><th>(*)</th></tr><tr><th colspan="2"></th><th>Cód i gComhartha Aitheantais na Punainne</th></tr><tr><td>(a)</td><td>rialtais láir agus bainc cheannais;</td><td>GOVT</td><td>A.2; B.2</td></tr><tr><td>(b)</td><td>institiúidí;</td><td>INST</td><td>A.3; A.4; A.5; B.3; B.4</td></tr><tr><td>(c.1)</td><td>corparáidí – ginearálta;</td><td>LCOR</td><td>A.6.2; A.6.3; B.5.2; B.5.3</td></tr><tr><td>(c.2)</td><td>corparáidí – neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe;</td><td>COSP</td><td>A.6.1; B.5.1</td></tr></table>	Aicme na Neamhchosanta		(*)			Cód i gComhartha Aitheantais na Punainne	(a)	rialtais láir agus bainc cheannais;	GOVT	A.2; B.2	(b)	institiúidí;	INST	A.3; A.4; A.5; B.3; B.4	(c.1)	corparáidí – ginearálta;	LCOR	A.6.2; A.6.3; B.5.2; B.5.3	(c.2)	corparáidí – neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe;	COSP	A.6.1; B.5.1
Aicme na Neamhchosanta		(*)																							
		Cód i gComhartha Aitheantais na Punainne																							
(a)	rialtais láir agus bainc cheannais;	GOVT	A.2; B.2																						
(b)	institiúidí;	INST	A.3; A.4; A.5; B.3; B.4																						
(c.1)	corparáidí – ginearálta;	LCOR	A.6.2; A.6.3; B.5.2; B.5.3																						
(c.2)	corparáidí – neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe;	COSP	A.6.1; B.5.1																						
			(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2024 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún (IO L 2024/3117, 27.12.2024), Iarscríbhinn II: Treoracha maidir le tuairisciú ar cheanglais cistí dílse, Cuid II: Treoracha a bhaineann le teimpléad, Roinn 3.3.2																						
			I gcomhréir le hAirteagal 147(3a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, maidir le neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla agus ar eintitis earnála poiblí a láimhseáiltear mar neamhchosaintí ar rialtais láir, sannfar iad d’aicme na neamhchosanta (a) rialtais láir agus bainc cheannais. Ní thuairisceofar na haicmí neamhchosaintí ‘neamhchosaintí ar chothromas’, ‘neamhchosaintí i bhfoirm aonad nó scaireanna in GC’, ‘ítimí in ionannas le suíomhanna urrúsúcháin’ agus ‘sócmhainní neamhoibleagáide creidmheasa eile’ dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointí (e), (ea), (f) agus (g), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.																						

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0080	Earnáil an chontrapháirtí	Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451	Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn na hearnála eacnamaíche ábhartha: (a) bainc cheannais; (b) rialtais ghinearálta; (c) institiúidí creidmheasa; (d) corparáidí airgeadais eile; (e) corparáidí neamhairgeadais; (f) teaghlaigh; (g) neamhbhainteach. Sanntar na neamhchosaintí d'earnálacha i gcomhréir leis na treoracha in Iarscríbhinn V, Roinn 1, pointe 42, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451.
0090	Stádas mainneachtana		Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn an stádais mainneachtana i gcomhréir le hAirteagal 178 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013: (a) mainneachtana; (b) neamh-mhainneachtana; (c) neamhbhainteach.
0100	An cineál saoráide	Airteagal 166(8) agus (10) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn chineál na saoráide. I gcás ina bhfuil feidhm ag níos mó ná luach cineáil saoráide amháin maidir leis an táirge creidmheasa, roinnfear luach na neamhchosanta ar bhonn na luachanna cineáil saoráide. Tá cineál na saoráide ar cheann díobh seo a leanas: (a) lánriosca (100 %); (b) saoráid eisiúna nótaí agus saoráid frithgheallta imrothlaigh (Meánriosca); (c) barántais agus slánaíochtaí, ráthaíochtaí, litreacha creidmheasa teannta neamh-inchúlghairthe, creidmheas doiciméadach agus ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe meánriosca eile (Meánriosca) arna n-eisiúint, lena n-áirítear bannaí tairisceana, feidhmíochta, custaim agus cánach, ráthaíochtaí, litreacha creidmheasa teannta neamh-inchúlghairthe nach de chineál ionadaithe creidmheasa iad agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe meánriosca eile; (d) saoráid chreidmheasa imrothlach gheallta neamhtharraingthe (Meánriosca/ísealriosca) lena n-áirítear gealltanais iasachta imrothlacha atá neamhtharraingthe agus nach féidir a chealú go neamhchoinníollach tráth ar bith gan fógra nó nach bhforáiltear iontu gur féidir iad a chealú go huathoibríoch má thagann meath ar acmhainneacht chreidmheasa an iasachtaí; (e) saoráid chreidmheasa téarma gheallta neamhtharraingthe (Meánriosca/ísealriosca) lena n-áirítear gealltanais iasachta téarma atá neamhtharraingthe agus nach féidir a chealú go neamhchoinníollach tráth ar bith gan fógra nó nach bhforáiltear iontu gur féidir iad a chealú go huathoibríoch má thagann meath ar acmhainneacht chreidmheasa an iasachtaí; (f) saoráid chreidmheasa eile gheallta neamhtharraingthe (Meánriosca/ísealriosca) lena n-áirítear gealltanais iasachta, seachas gealltanais iasachta imrothlacha agus gealltanais iasachta téarma, atá neamhtharraingthe agus nach féidir a chealú go neamhchoinníollach tráth ar bith gan fógra nó nach bhforáiltear iontu gur féidir iad a chealú go huathoibríoch má thagann meath ar acmhainneacht chreidmheasa an iasachtaí;

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
			(g) litreacha creidmheasa gearrthéarmacha eisithe agus ítimí eile meánriosca/ísealriosca lasmuigh den chlár comhardaithe (Meánriosca/ísealriosca); (h) línte creidmheasa neamhgheallta neamhtharraingthe (Ísealriosca) lena n-áirítear saoraidí iasachta atá neamhtharraingthe agus is féidir a chealú go neamhchoinníollach tráth ar bith gan fógra nó a bhforáiltear iontu gur féidir iad a chealú go huathoibríoch má thagann meath ar acmhainneacht chreidmheasa an iasachtaí; (i) gealltanais cheannaigh neamhtharraingthe i leith earraí infhaighte ceannaithe imrothlacha agus ítimí ísealriosca eile lasmuigh den chlár comhardaithe (ísealriosca) lena n-áirítear gealltanais is féidir a chealú go neamhchoinníollach nó a bhforáiltear iontu go bunúsach gur féidir leis an institiúid iad a chealú tráth ar bith gan fógra a thabhairt roimh ré; (j) neamhbhainteach.
0110	Stádas soláthair urrúis chomhthaobhaigh	Teimpléad C08.01, colúin 150 go 220, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún agus treoracha gaolmhara.	Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn stádas soláthair urrúis chomhthaobhaigh gach coda: (a) neamhchosaintí a bhfuil cosaint chreidmheasa ag gabháil leo; (b) neamhchosaintí nach bhfuil cosaint chreidmheasa ag gabháil leo; (c) neamhbhainteach. Socrófar an chuid den neamhchosaint a bhfuil cosaint chreidmheasa ag gabháil léi de réir luach na comhthaobhachta tar éis caolchorráligh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 4, Roinn 4, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus, i gcás inarb infheidhme, treoirlínte inmheánacha institiúidí.
0120	Cineál na comhthaobhachta	Teimpléad C08.01, colúin 0040 go 0060 agus 0150 go 0220, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún agus treoracha gaolmhara.	Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn chineál na comhthaobhachta: (a) comhthaobhacht airgeadais incháilithe (teimpléad C 08.01, colún 0180); (b) comhthaobhacht incháilithe eile: Earraí infhaighte (teimpléad C 08.01, colún 0210); (c) comhthaobhacht incháilithe eile: Réadmhaoin chónaithe (teimpléad C 08.01, colún 0190); (d) comhthaobhacht incháilithe eile: Réadmhaoin tráchtála (teimpléad C 08.01, colún 0190); (e) comhthaobhacht incháilithe eile: Comhthaobhacht fhisiceach (teimpléad C 08.01, colún 0200); (f) cosaint creidmheasa chistithe eile (teimpléad C 08.01, colúin 0060 agus 0170); (g) díorthaigh chreidmheasa (teimpléad C 08.01, colúin 0050 agus 0160); (h) ráthaíochtaí (teimpléad C 08.01, colúin 0040 agus 0150); (i) neamhbhainteach. Socrófar an chuid den neamhchosaint atá urraithe le cineál sonrach comhthaobhachta de réir luach an chineáil shonraigh sin comhthaobhachta tar éis na gcaolchorrlach is gá a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 4, Roinn 4, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus, i gcás inarb infheidhme, treoirlínte inmheánacha institiúidí.
0130	Contrapháirtí		Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn chineál an chontrapháirtí: (a) eintitis earnála poiblí (Airteagal 4, pointí (1) agus (8), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013); (b) contrapháirtithe seachas eintitis earnála poiblí; (c) neamhbhainteach.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0140	Méid an chontrapháirtí		Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn mhéid an chontrapháirtí a chinnfear ar bhonn an láimhdeachais bhliantúil iomláin don ghrúpa comhdhlúite a bhfuil an contrapháirtí ina chuid de: (a) <=EUR 50 milliún; (b) >EUR 50 milliún agus <=EUR 200 milliún; (c) >EUR 200 milliún; (d) >EUR 200 milliún agus <=EUR 500 milliún; (e) > EUR 500 milliún; (f) neamhbhainteach. Ríomhfar an láimhdeachas bliantúil iomlán i gcomhréir leis an larscríbhinn, Airteagal 4 a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún" agus tagróidh sé don bhliain dar críoch bliain amháin roimh an dáta tagartha tuairiscithe.
0150	Cód NACE		Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn ghníomhaíocht eacnamaíoch an chontrapháirtí arna cinneadh ag cóid NACE Athbhreithniú 2 a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006"": (a) NACE 1: C Monaraíocht; (b) NACE 2: G Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola; (c) NACE 3: F Tógáil; (d) NACE 4: H Iompar agus stóráil; (e) NACE 5: D Soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóiriúcháin; (f) NACE 6: A Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht; (g) NACE 7: L Gníomhaíochtaí réadmhaoine; (h) NACE 8: Na neamhchosaintí eile uile seachas na cinn a áirítear i bpointí (a) go (g) thuas; (i) neamhbhainteach.
0160	An cineál neamhchosanta	Airteagal 147(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn chineál na neamhchosanta: (a) neamhbhainteach; (b) neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe – maoiniú tionscadail; (c) neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe – réadmhaoin a ghineann ioncam agus réadmhaoin tráchtála ardluaineachta; (d) neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe – maoiniú réada; (e) neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe – maoiniú tráchtearraí; (f) bannaí faoi chumhdach atá incháilithe agus a chomhlíonann ceanglais Airteagal 129(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; (g) neamhchosaintí eile seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointí (b) go (f).
0170	Méid na neamhchosanta	Teimpléad C08.01, colún 0110, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún agus treoracha gaolmhara.	Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn mhéid na neamhchosanta a shloinnfear i dtéarmaí luach na neamhchosanta (i.e. neamhchosaint ar mhainneachtain ('EAD')): (a) Neamhbhainteach.

Colún	Lipéad	Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0180	Raon iasachta/ luacha innéacsaithe		Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn an raoin iasachta/luacha innéacsasctha ('ILTV') arb é an cóimheas idir méid na hiasachta reatha agus luach reatha na réadmhaoine é: (a) buicéad 1: $\leq 55\%$ más réadmhaoín dhochorraithe chónaithe atá sa réadmhaoín; $\leq 60\%$ más réadmhaoín dhochorraithe tráchtála atá sa réadmhaoín; (b) buicéad 2: $> 55\%$ $\leq 70\%$ más réadmhaoín dhochorraithe chónaithe atá sa réadmhaoín; $> 60\%$ $\leq 70\%$ más réadmhaoín dhochorraithe tráchtála atá sa réadmhaoín; (c) buicéad 3: $> 70\%$ $\leq 80\%$ %; (d) buicéad 4: $> 80\%$ $\leq 90\%$ %; (e) buicéad 5: $> 90\%$ $\leq 100\%$ %; (f) buicéad 6: $> 100\%$ $\leq 110\%$ %; (g) buicéad 7: $> 110\%$ %; (h) neamhbhainteach. Ríomhfar an raon iasachta/luacha innéacsaithe ar bhealach stuama agus comhlíonfar na ceanglais seo a leanas: (a) méid iomlán na hiasachta: an méid amuigh den iasacht mhorgáiste móide aon mhéid geallta neamhtharraingthe den iasacht mhorgáiste (tar éis an fachtóir coinbhéartachta creidmheasa comhfhreagrach a chur i bhfeidhm). Ríomhfar méid na hiasachta roimh aon choigeartú sonracha i leith riosca creidmheasa a chur san áireamh agus áireofar ann gach iasacht eile (lena n-áirítear iasachtaí a bhfuil an institiúid ar an eolas fúthu arna soláthar ag institiúidí airgeadais eile a bhfuil an institiúid ar an eolas fúthu) atá urraithe le lian ag a bhfuil rangú atá cothrom leo nó níos airde ar an réadmhaoín chónaithe chéanna maidir leis an lian lena n-urraítear an iasacht. I gcás easpa faisnéise chun rangú na lian eile a fhionnadh, toimhdeoidh an institiúid go bhfuil na liain sin rangaithe <i>pari passu</i> leis an lian lena n-urraítear an iasacht. (b) luach na réadmhaoine: is éard atá i luach na réadmhaoine an luacháil neamhspleách is déanaí ar an réadmhaoín arna comhshó i luach reatha trí innéacs praghsanna réadmhaoine a úsáid. Déanfar an luacháil ar bhealach neamhspleách agus is measúnóirí cáilithe a dhéanfaidh í. Comhlíonfaidh na ceanglais cháilíochta agus na híoschaighdeáin luachála na ceanglais seo a leanas: (i) tá measúnú aonair ar an réadmhaoín déanta agus luacháiltear an réadmhaoín ar bhealach coimeádach stuama (e.g. gan ionchais maidir le méadú praghsanna sa todhchaí a chur san áireamh, agus aon fhéidearthacht a d'fhéadfadh an praghas réadmhaoine reatha a bheith os cionn leibhéil atá inbhuanaithe thar shaolré na hiasachta a chur san áireamh, mar shampla mar gheall ar bholgán airgeadais i bpraghsanna réadmhaoine); (ii) i gcás inar féidir margadhluach a chinneadh, níl an luacháil níos airde ná an margadhluach; (iii) tá doiciméadú luachála leormhaith ann a thacaíonn leis an luacháil.
0190	Aithint sa chlár comhardaithe		Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn an aitheantais sa chlár comhardaithe: (a) ítimí laistigh den chlár comhardaithe; (b) ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe; (c) eile; (d) neamhbhainteach. Neamhchosaintí lena léirítear idirbhearta um maoiniú úrrús, díorthaigh agus idirbhearta socraíochta iarchurtha nó glanluacháil trastáirge conarthach agus atá faoi réir riosca creidmheasa contrapháirtí, sannfar iad do phointe (c). Ní thuairisceofar na neamhchosaintí sin i bpointí (a) ná (b).

C 103.00 – Sainmhíniú ar Phunanna Ardmhainneachtana

Colún		Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Comhartha aitheantais na punainne		An comhartha aitheantais uathúil a shannann ÚBE do gach punann.
0020	Ainm na punainne		Sanntar gach punann do cheann de na hainmneacha punainne seo a leanas: 1.0 CORP 1.1 CORP, Mainneachtana 1.2 CORP, Neamh-mhainneachtana 2.0 SMEC 2.1 SMEC, Mainneachtana 2.2 SMEC, Neamh-mhainneachtana 3.0 Miondíol eile, FBManna 3.1 Miondíol eile, FBManna, Mainneachtana 3.2 Miondíol eile, FBManna, Neamh-mhainneachtana 4.0 Morgáistí, Fiontair nach FBManna iad 4.1 Morgáistí, Fiontair nach FBManna iad, Mainneachtana 4.2 Morgáistí, Fiontair nach FBManna iad, Neamh-mhainneachtana 5.0 Morgáistí, FBManna 5.1 Morgáistí, FBManna, Mainneachtana 5.2 Morgáistí, FBManna, Neamh-mhainneachtana 6.0 Miondíol eile, Fiontair nach FBManna iad 6.1 Miondíol eile, Fiontair nach FBManna iad, Mainneachtana 6.2 Miondíol eile, Fiontair nach FBManna iad, Neamh-mhainneachtana 7.0 QRRE 7.1 QRRE, Mainneachtana 7.2 QRRE, Neamh-mhainneachtana
0030	An cineál riosca		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0130 de thábla C 101.00.
0040	An cur chuige rialála		Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn an chur chuige a úsáidtear chun an méid neamhchosanta ualaithe de réir riosca a ríomh: (a) bunchur chuige IRB; (b) ardchur chuige IRB.
0050	An limistéar geografach		Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn thír chónaithe (Cód ISO nó 'Tíortha eile') na bhféichiúnaithe. I gcás na bpunann 'Miondíol – FBManna – urraithe le réadmhaoin' agus 'Miondíol – Fiontair nach FBManna iad – urraithe le réadmhaoin', roinnfear neamhchosaintí ina gcodanna ar bhonn shuíomh na comhthaobhachta.
0060	Rátáil		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0060 de thábla C 102.00.
0070	Aicme na neamhchosanta		Déanfar neamhchosaintí a roinnt ina gcodanna agus a shannadh do phunanna ar bhonn aicme na neamhchosanta: (d) I gcás neamhchosaintí corparáideacha i bPunanna Ardmhainneachtana: (d.1) corparáidí – FBManna; (d.2) corparáidí – fiontair nach FBManna iad; (e) I gcás neamhchosaintí ar mhiondíol:

Colún		Tagairt dhlíthiúil	Treoracha																																		
			(e.1) miondíol – FBManna; (e.1.1) miondíol – FBManna – Urraithe le réadmhaoin; (e.1.2) miondíol – FBManna – Eile; (e.2) Miondíol – Fiontair nach FBManna iad; (e.2.1) miondíol – Fiontair nach FBManna iad – Eile; (e.2.2) miondíol – Fiontair nach FBManna iad – Urraithe le réadmhaoin; (e.3.3) Miondíol – Imrothlach cáilitheach; (f) neamhbhainteach. Cuirfear i bhfeidhm an mhapáil seo a leanas idir na haicmí neamhchosanta agus an miondealú ar theimpléad Riosca Creidmheasa IRB: <table><tr><th colspan="2">Aicme na Neamhchosanta</th><th rowspan="2">Cód Punainne</th><th rowspan="2">(*)</th></tr><tr><th colspan="2"></th></tr><tr><td>(d.1)</td><td>corparáidí – FBManna;</td><td>SMEC</td><td>A.6.2; A.6.3; B.5.2; B.5.3</td></tr><tr><td>(d.2)</td><td>corparáidí – fiontair nach FBManna iad;</td><td>CORP</td><td>A.6.2; A.6.3; B.5.2; B.5.3</td></tr><tr><td>(e.1.1)</td><td>miondíol – FBManna – Urraithe le réadmhaoin;</td><td>RSMS</td><td>B.6.5</td></tr><tr><td>(e.1.2)</td><td>miondíol – FBManna – Eile;</td><td>SMOT</td><td>B.6.7, B.6.3 (**)</td></tr><tr><td>(e.2.1)</td><td>miondíol – Fiontair nach FBManna iad – Eile;</td><td>RETO</td><td>B.6.8, B.6.3 (***)</td></tr><tr><td>(e.2.2)</td><td>miondíol – Fiontair nach FBManna iad – Urraithe le réadmhaoin;</td><td>MORT</td><td>B.6.6</td></tr><tr><td>(e.3.3)</td><td>Miondíol – Imrothlach cáilitheach;</td><td>RQRR</td><td>B.6.2</td></tr></table> (*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3117 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2024 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún (IO L 2024/3117, 27.12.2024), Iarscríbhinn II: Treoracha maidir le tuairisciú ar cheanglais cistí dílse, Cuid II: Treoracha a bhaineann le teimpléad, Roinn 3.3.2 (**) Seachas contrapháirtithe a aicmítear mar fhiontair nach FBManna iad agus a neamhchosaintí (***) Seachas contrapháirtithe a aicmítear mar FBManna agus a neamhchosaintí Ní thuairisceofar na haicmí neamhchosaintí ‘neamhchosaintí ar chothromas’, ‘neamhchosaintí i bhfoirm aonad nó scaireanna in GC’, ‘ítimí in ionannas le suíomhanna urrúsúcháin’ agus ‘sócmaisinní neamhoibleagáide creidmheasa eile’ dá dtagraítear in Airteagal 147(2), pointí (e), (ea), (f) agus (g), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.	Aicme na Neamhchosanta		Cód Punainne	(*)			(d.1)	corparáidí – FBManna;	SMEC	A.6.2; A.6.3; B.5.2; B.5.3	(d.2)	corparáidí – fiontair nach FBManna iad;	CORP	A.6.2; A.6.3; B.5.2; B.5.3	(e.1.1)	miondíol – FBManna – Urraithe le réadmhaoin;	RSMS	B.6.5	(e.1.2)	miondíol – FBManna – Eile;	SMOT	B.6.7, B.6.3 (**)	(e.2.1)	miondíol – Fiontair nach FBManna iad – Eile;	RETO	B.6.8, B.6.3 (***)	(e.2.2)	miondíol – Fiontair nach FBManna iad – Urraithe le réadmhaoin;	MORT	B.6.6	(e.3.3)	Miondíol – Imrothlach cáilitheach;	RQRR	B.6.2
Aicme na Neamhchosanta		Cód Punainne	(*)																																		
(d.1)	corparáidí – FBManna;	SMEC	A.6.2; A.6.3; B.5.2; B.5.3																																		
(d.2)	corparáidí – fiontair nach FBManna iad;	CORP	A.6.2; A.6.3; B.5.2; B.5.3																																		
(e.1.1)	miondíol – FBManna – Urraithe le réadmhaoin;	RSMS	B.6.5																																		
(e.1.2)	miondíol – FBManna – Eile;	SMOT	B.6.7, B.6.3 (**)																																		
(e.2.1)	miondíol – Fiontair nach FBManna iad – Eile;	RETO	B.6.8, B.6.3 (***)																																		
(e.2.2)	miondíol – Fiontair nach FBManna iad – Urraithe le réadmhaoin;	MORT	B.6.6																																		
(e.3.3)	Miondíol – Imrothlach cáilitheach;	RQRR	B.6.2																																		

Colún		Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0080	Earnáil an chontrapháirtí		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0100 de thábla C 102.00.
0090	Stádas mainneachtana		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0090 de thábla C 102.00.
0100	An cineál saoráide		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0120 de thábla C 102.00.
0110	Stádas soláthair urrúis chomhthaobh-aigh		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0110 de thábla C 102.00.
0120	Cineál na comhthaobh-achta		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0120 de thábla C 102.00.
0130	Contrapháirtí		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0130 de thábla C 102.00.
0140	Méid an chontrapháirtí		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0140 de thábla C 102.00.
0150	Cód NACE		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0150 de thábla C 102.00.
0160	An cineál neamhchosanta		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0110 de thábla C 102.00.
0170	Méid na neamhchosanta		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0170 de thábla C 102.00.
0180	Raon iasachta/luacha innéacsaithe		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0180 de thábla C 102.00
0190	Aithint sa chlár comhardaithe		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0190 de thábla C 102.00.

Colún		Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0200	Stádas soláthair urrúis chomhthaobhaigh IFRS 9	IFRS 9 B.5.55	Déanfar neamhchosaintí a shannadh do phunanna ar bhonn a stádais soláthair urrúis chomhthaobhaigh, mar a úsáidtear chun an caillteanas creidmheasa ionchasach a thomhas faoi IFRS 9: (a) Neamhchosaintí comhthaobhaithe. Aireofar sa phunann seo na neamhchosaintí sin uile dá léiríonn, i gcomhréir le IFRS 9 B5.5.55, tomhas na gcaillteanas creidmheasa ionchasach na sreafaí airgid lena bhfuil coinne ón gcomhthaobhacht ghaolmhar agus/nó feabhsuithe creidmheasa eile atá mar chuid de théarmaí conarthacha na neamhchosanta i gceist agus nach n-aithníonn an t-eintiteas ar leithligh iad. Tuairisceofar na neamhchosaintí sin nach bhfuil ach comhthaobhaithe go páirteach dá méid iomlán laistigh den phunann seo. (b) Neamhchosaintí nach bhfuil comhthaobhaithe. Aireofar sa phunann seo na neamhchosaintí sin uile nach ndéantar difear do thomhas na gcaillteanas creidmheasa ionchasach gaolmhar ina leith de thoradh aon chomhthaobhacht a bheith ann nó feabhsuithe creidmheasa d'aon chineál eile. (c) Neamhbhainteach.

C 104.00 – Sainmhíniú ar Phunanna Ardmhainneachtana le haghaidh theimpléid IFRS 9

Colún		Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0010	Comhartha aitheantais na punainne		An comhartha aitheantais uathúil a shannann ÚBE do gach punann.
0020	Ainm na punainne		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0020 de C 103.
0030	An cineál riosca		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0130 de C 101.
0040	An cur chuige rialála		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0140 de C 101.
0050	An limistéar geografach		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0080 de C 101.
0060	Rátáil		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0060 de C 102.
0070	Aicme na neamhchosanta		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0070 de C 103.
0080	Earnáil an chontrapháirtí		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0100 de C 101.
0090	Stádas mainneachtana		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0090 de C 102.

Colún		Tagairt dhlíthiúil	Treoracha
0100	An cineál saoráide		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0120 de C 101.
0110	Stádas soláthair urrúis chomhthaobh-aigh		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0110 de C 102.
0120	Cineál na comhthaobh-achta		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0120 de C 102.
0130	Contrapháirtí		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0130 de C 102.
0140	Méid an chontrapháirtí		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0140 de C 102.
0150	Cód NACE		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0150 de C 102.
0160	An cineál neamhchosanta		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0110 de C 101.
0170	Méid na neamhchosanta		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0170 de C 102.
0180	Raon iasachta/luacha innéacsaithe		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0180 de C 102
0190	Aithint sa chlár comhardaithe		Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0190 de C 102.
0200	Stádas soláthair urrúis chomhthaobhaigh IFRS 9	IFRS 9 B.5.55	Beidh feidhm ag na treoracha a sholáthraítear le haghaidh cholún 0200 de C 103.'

IARSCRÍBHINN II

‘IARSCRÍBHINN V

IONSTRAIMÍ AGUS PUNANNA TAGARMHAIRC MAIDIR LE RIOSCA MARGAIDH

Roinn 1:	Treoracha	18
Roinn 2:	Ionstraimí	22
Roinn 3:	Punanna aonair - Ionstraim aonair	36
Roinn 4:	Punanna aonair – Ilionstraimí	39
Roinn 5:	Punanna Comhiomlánaithe	42
Roinn 6:	Sonraíochtaí breise le haghaidh ionstraimí	43
Roinn 7:	Punanna Bailíochtaithe SBM	45

Roinn 1: Treoracha

- (a) Chun críocha na hlarscríbhíne seo, tá feidhm ag an méid seo a leanas:
- (i) ciallaíonn ‘dáta taifeadta’ an dáta agus an t-am nuair a dhéanann institiúidí na hidirbhearta a thaifeadadh chun críocha an chleachtaidh tagarmharcála;
 - (ii) ciallaíonn ‘Luacháil Margaidh Tosaigh (IMV)’ luach marcáilte ón margadh na n-ionstraimí dá dtagraítear i Roinn 2 den larscríbhíne seo, ar dháta tagartha agus ag am tagartha IMV;
 - (iii) ciallaíonn ‘dáta tagartha IMV’ an dáta agus an t-am dá dtagraíonn institiúidí agus an luacháil margaidh tosaigh á cinneadh acu i dtaobh na n-idirbheart sa phunann tagarmharcála;
 - (iv) ciallaíonn ‘dáta seoltáin IMV’ an dáta faoina ndéanfaidh institiúidí torthaí IMV na n-idirbheart sa phunann tagarmharcála a thíolacadh;
 - (v) ciallaíonn ‘VaR’ an Luach faoi Riosca;
 - (vi) ciallaíonn ‘sVaR’ an Luach faoi Riosca i nDálaí Anáis;
 - (vii) ciallaíonn ‘IRC’ an Muirear Incriminteach Riosca;
 - (viii) ciallaíonn ‘CTP’ an Phunann Trádála Comhghaoil;
 - (ix) ciallaíonn ‘APR’ an Praghasriosca Iomlán a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 377(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
 - (x) ciallaíonn ‘Tomhais Riosca’ (RM), i gcás bainc a Formheastar chun Samhail Inmheánach a úsáid (IMA), an luach VaR, sVaR, agus, nuair is gá, an luach IRC agus APR le haghaidh na bpunann, mar a leagtar amach i Ranna 3 go 5 den larscríbhíne seo, idir an dáta tagartha tosaigh RM agus an dáta tagartha deiridh RM;
 - (xi) ciallaíonn ‘dáta tagartha tosaigh RM’ an dáta ar a dtosóidh na hinstiúidí ar na luachanna RM a ríomh;
 - (xii) ciallaíonn ‘dáta tagartha deiridh RM’ an dáta ar a gcríochnóidh na hinstiúidí de na luachanna RM a ríomh;
 - (xiii) ciallaíonn ‘dáta seoltáin RM’ an dáta faoina ndéanfaidh na hinstiúidí torthaí RM na n-idirbheart sa phunann tagarmharcála a thíolacadh;
 - (xiv) ciallaíonn ‘Luach Láithreach (PV)’ luach marcáilte ón margadh na bpunann, a leagtar amach i Roinn 3 den larscríbhíne seo, ar an dáta tagartha deiridh RM;
 - (xv) ciallaíonn ‘ATM’ ‘Ag An Airgead’ i dtéarmaí shuíomh coibhneasta phraghas reatha nó phraghas todhchaí shócmhainn fholuiteach an díorthaigh i ndáil le praghas ceangail an díorthaigh sin;
 - (xvi) ciallaíonn ‘OTM’ ‘As An Airgead’ i dtéarmaí shuíomh coibhneasta phraghas reatha nó phraghas todhchaí shócmhainn fholuiteach an díorthaigh i ndáil le praghas ceangail an díorthaigh sin;
 - (xvii) ciallaíonn ‘ITM’ ‘San Airgead’ i dtéarmaí shuíomh coibhneasta phraghas reatha nó phraghas todhchaí shócmhainn fholuiteach an díorthaigh i ndáil le praghas ceangail an díorthaigh sin;
 - (xviii) ciallaíonn ‘fada’ ‘ceannaithe’ agus ciallaíonn ‘gearr’ ‘díolta’;
 - (xix) ciallaíonn ‘CDS’ Babhtálacha Mainneachtana Creidmheasa;
 - (xx) i gcás CDS, ciallaíonn ‘fada’ ‘ceannaíodh cosaint’ agus ciallaíonn ‘gearr’ ‘díoladh cosaint’;
 - (xxi) ciallaíonn ‘MLN’ ‘i milliúin’;
 - (xxii) ciallaíonn ‘OTC’ Thar an gCuntar;
 - (xxiii) ciallaíonn ‘ASA’ an cur chuige caighdeánaithe malartach dá dtagraítear i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Roinn 1 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
 - (xxiv) ciallaíonn ‘SBM’ an Modh Íogaireacht-bhunaithe dá dtagraítear i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Roinn 2 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
 - (xxv) ciallaíonn ‘DRC’ an ceanglas maidir le Riosca Mainneachtana dá dtagraítear i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Roinn 5 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
 - (xxvi) ciallaíonn ‘RRAO’ Forlíontán an Riosca Iarmharaigh dá dtagraítear i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Roinn 4 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

- (b) Beidh feidhm ag na dátaí seo a leanas maidir leis an gcleachtadh ‘tagarmharcála’:
- (i) is é an 19 Feabhra 2026 an dáta taifeadta;
 - (ii) is é an 27 Feabhra 2026 (ar 5:30 pm CET) an dáta tagartha IMV (agus SBM tosaigh);
 - (iii) is é an 13 Márta 2026 an dáta seoltáin IMV (agus SBM tosaigh, agus bailíochtaithe SBM);
 - (iv) is é an 18 Bealtaine 2026 an dáta tagartha tosaigh RM;
 - (v) is é an 29 Bealtaine 2026 an dáta tagartha deiridh RM (agus ASA deiridh);
 - (vi) is é an 26 Meitheamh 2026 an dáta seoltáin RM (agus ASA deiridh);
- (c) Mura sonraítear a mhalairt go sainráite i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo, déanfar gach suíomh a thaifeadadh ar an dáta taifeadta dá dtagraítear i bpointe (b)(i) den Roinn seo. A luaithe a bheidh na suíomhanna taifeadta, rachaidh gach punann in aois ar feadh thréimhse an chleachtaidh tagarmharcála agus déanfar iad a ríomh de réir na toimhde nach ndéanfaidh an institiúid aon ghníomhaíocht chun an phunann a bhainistiú ar bhealach ar bith le linn thréimhse iomlán an chleachtaidh tagarmharcála. Mura sonraítear a mhalairt go sainráite sna sonraíochtaí le haghaidh ionstraim áirithe, déanfar na praghsanna ceangail le haghaidh suíomhanna rogha a chinneadh i gcoibhneas leis na praghsanna le haghaidh na sócmhainne foluít mar a fheictear iad ar dhruidim an mhargaidh ar an dáta taifeadta.
- (d) Chun críocha na luachála margaidh tosaigh, cuirfear luacháil gach ionstraime faoi bhráid údarás inniúil na hinstitiúide faoin dáta seoltáin IMV. Faoin dáta sin, tiolacfaidh an institiúid nóta míniúcháin in éineacht leis na torthaí, i gcomhréir le pointe (e). Soláthrófar IMV i gcomhréir le luacháil oifig thosaigh na hinstitiúide, i gcás inar féidir. I gcás nach soláthraíonn oifig thosaigh na hinstitiúide IMVanna, sonródh an institiúid sa nóta míniúcháin cé hé soláthraí foinse na sonraí IMV.
- (e) Áireofar ar an nóta míniúcháin atá le tiolacadh ag institiúidí in éineacht leis an IMV gach ceann díobh seo a leanas le haghaidh gach ionstraime:
- (i) na fachtóirí riosca a úsáidtear chun IMV na hionstraime a ríomh;
 - (ii) an tsamhail phraghsála a úsáidtear chun IMV na hionstraime a ríomh mar aon le tuairisc ar an tsamhail phraghsála sin;
 - (iii) sonraí tagartha atá ar fáil maidir leis an ionstraim i bhformáid na hinstitiúide féin;
 - (iv) na gnéithe dá dtagraítear i bpointí (h), (i), (l), (n), (o), (p), (w), (x), (z), agus (hh) den Roinn seo;
 - (v) tuairisceoidh institiúidí a fhormheastar chun samhlacha inmheánacha a úsáid an méid seo a leanas freisin:
 - (1) na fachtóirí riosca a áirítear i samhail inmheánach na hionstraime;
 - (2) na fachtóirí riosca a áirítear sa tsamhail inmheánach ar ionchuir luachála iad freisin le haghaidh IMV na hionstraime;
 - (3) sonraí na samhla inmheánaí maidir leis na hionstraimí.
- (f) Chun críocha phointe (e), fophointe (v), tuairisceofar gach ceann díobh seo a leanas:
- (i) tuairiscí achoimre ar an tsamhail inmheánach;
 - (ii) modhanna athluachála a chuirtear i bhfeidhm;
 - (iii) foirm fheidhmiúil a chuirtear i bhfeidhm chun tuairisceáin a shamhaltú (amhail dearbhtuairisceáin, tuairisceáin choibhneasta, modhanna eile);
 - (iv) faisnéis cháilióchtúil maidir leis an amshraith a úsáidtear chun an tsamhail VaR a chalabhrú maidir leis an ionstraim (amhail foinse, modheolaíocht maidir le normalú, buicéid a chuirtear i bhfeidhm, faisnéis eile atá ábhartha dar leis na hinstitiúidí chun na torthaí a sholáthraítear a mhíniú).
- (g) Déanfar an nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) a thabhairt cothrom le dáta le gach atíolacadh d’aon luach, chun na hathruithe a dhéantar idir gach tiolacadh a léiriú. Beidh roinn amháin sa nóta míniúcháin ina liostófar na dátaí tiolactha uile mar aon leis na cúiseanna a ghabhann le gach atíolacadh.
- (h) Déanfar rioscaí na suíomhanna a ríomh gan na costais chistiúcháin a chur san áireamh. I gcás inarb infheidhme, úsáidfídh institiúidí ráta thar oíche airgeadra na hionstraime mar an ráta lascaine. Measfar an comhaontú comhthaobhachta a bheith i bhfeidhm maidir leis na hionstraimí díorthach dá dtagraítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo. I gcás nach bhfuil sé sin indéanta, cuirfear cúiseanna ar fáil sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d).

- (i) Ní chuirfear riosca creidmheasa an chontrapráirt agus riosca maidir le coigeartú luachála creidmheasa ('CVA') san áireamh i luacháil rioscaí na bpunann. I gcás nach bhfuil sé sin indéanta, cuirfear cúiseanna ar fáil sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo. Tabharfaidh institiúidí tuairisc ar chásanna ina bhfuil tíopeolaíochtaí eile maidir le Coigeartuithe Luachála curtha san áireamh san IMV agus míneoidh siad, i gcás gach ionstraime airgeadais, an mhodheolaíocht agus an tionchar sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo.
- (j) I gcás idirbhearta lena n-áirítear suíomhanna fada in CDS, déanfaidh institiúidí talamh slán de go n-íocfar táille thosaigh chun dul isteach sa suíomh de réir chaighdeáin agus comhghnásanna an mhargaidh. Comhfhreagróidh an dáta aibíochta le haghaidh gach CDS do na gnáthdhátaí ráithiúla foirceanta.
- (k) Na sonraíochtaí breise is gá chun ríomhanna praghsála a chur i gcrích, ríomhanna atá riachtanach le haghaidh suíomhanna CDS, beidh siad comhsheasmhach le caighdeáin agus comhghnásanna an mhargaidh a úsáidtear go coitianta agus míneofar iad sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo.
- (l) Áiríteofar leis an dáta aibíochta go mbeidh an t-idirbheart chomh gar agus is féidir don 'téarma go dtí aibíocht' a shonraítear i gcomhréir le caighdeáin agus le comhghnásanna an mhargaidh.
- (m) Maidir le mionsonraí ionstraimí nach dtagraítear dóibh i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo, soláthróidh institiúidí na toimhdí arna n-úsáid, lena n-áireofar an comhghnás maidir le háireamh laethanta agus an rogha maidir le hionstraim intrádála leachtach, i gcás ina gceadaítear sin, mar aon leis na torthaí sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo.
- (n) Institiúidí a chreideann go bhfuil toimhdí sa bhreis orthu sin a shonraítear sa Roinn seo ábhartha maidir le léirmhíniú thorthaí a gcleachtaidh, lena n-áirítear uainiú scoir gnó, rollaí cúpóin, mapáil in aghaidh innéacsanna agus eile, cuirfidh siad tuairisc ar na toimhdí sin isteach sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo.
- (o) Sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo beidh míniúcháin ar na rioscaí nach ngabhtar faoin tsamhail le haghaidh na n-ionstraimí dá dtagraítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo.
- (p) Láimhseálfar gach rogha amhail agus dá ndéanfaí iad a thrádáil thar an gcuntar, mura sonraítear a mhalairt go sainráite.
- (q) Leanfar na gnáth-chomhghnásanna uainiúcháin maidir le roghanna thar an gcuntar. Is n mí a bheidh sa tréimhse go dtí aibíocht le haghaidh rogha 'n-mí'. I gcás ina rachaidh roghanna in éag ar lá neamhthrádála, déanfaidh institiúidí an dáta éagtha a choigeartú de réir an dáta gnó, i gcomhréir le caighdeáin agus comhghnásanna an mhargaidh.
- (r) Déanfar gach rogha thar an gcuntar a láimhseáil mar a leanas:
 - (i) mar OTC Meiriceánach i gcás cothromais agus tráchtearraí aonainm;
 - (ii) mar OTC Eorpach i gcás innéacsanna cothromais, malairt eachtrach agus rogtálacha.
- (s) Measfar gach rogha thar an gcuntar a bheith 'nocht' le go n-eisiafar an phréimh ón luacháil margaidh tosaigh.
- (t) Maidir leis na CTPanna, institiúidí a bhfuil cead acu an tsamhail APR a úsáid le haghaidh CTPanna, cuirfidh siad mionsonraí ar fáil faoina dtoimhdí, caighdeáin agus comhghnásanna margaidh is ábhartha maidir leis na hionstraimí CTP dá dtagraítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo, lena n-áireofar na cóimheasa fálaíthe a bheidh ríofa acu chun na hionstraimí CTP a dhéanamh neodrach ó thaobh CS01 de ar an dáta taifeadta.
- (u) Soláthrófar an IMV le haghaidh gach ionstraime san airgeadra ionstraim ÚBE a shonraítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo le haghaidh na hionstraime sin.
- (v) Maidir le punanna atá comhdhéanta d'ionstraim amháin nó níos mó atá ainmnithe in airgeadraí ionstraim ÚBE atá éagsúil le hairgeadra na punainne ÚBE, déanfar an toradh a chomhshó in airgeadra na punainne ÚBE a thuairiscítear agus úsáid á baint as an spotráta malairte BCE ar an dáta ábhartha. Míneofar an toradh comhshóite sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo.
- (w) Nuair a bheidh suíomhanna á dtaifeadadh, leanfaidh institiúidí comhghnásanna iomchuí an mhargaidh, mura sonraítear a mhalairt sna treoracha seo sna Tuairiscí Ionstraimí (Roinn 2 den Iarscríbhinn seo).

- (x) I gcás ina bhfuil ionstraim, nó ionstraim fholuiteach le haghaidh díorthaigh, faoi réir gníomhaíocht chorparáideach a dhéanann difear don chleachtadh tagarmharcála, amhail glao ón eisitheoir, mainneachtain nó gníomhaíochtaí comhchosúla, déanfaidh institiúidí an ionstraim sin a eisiáimh ón gcleachtadh in éineacht le haon CDS gaolmhar nó rogha ghaolmhar.
- (y) Maidir le sraith innéacs, tagraíonn 'on-the-run' ('nua-eisithe') don tsraith is leachtaí agus is intrádála den innéacs sin atá ar fáil ar an margadh. Míneoidh institiúidí a rogha maidir leis an tsraith 'on-the-run' ('nua-eisithe') mar aon leis na torthaí gaolmhara sa nóta míniúcháin lena mbaineann dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo.
- (z) I gcás nach sonraítear a mhalairt, cuirfidh na hinstitiúidí Rialachán an Aontais maidir le Tagarmharcanna i bhfeidhm le haghaidh an ráta úis chun na hionstraimí dá dtagraítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo a thaifeadh. Sonróidh na hinstitiúidí an ráta a cuireadh i bhfeidhm, cé is moite de na cinn a shonraítear i Roinn 2 den Iarscríbhinn seo, sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Roinn seo.
- (aa) Ríomhfar na tomhais riosca le haghaidh na bpunann dá dtagraítear i Roinn 3 go Roinn 5 den Iarscríbhinn seo, mar aon leis an Luach Láithreach, ón 'dáta tagartha tosaigh RM' go dtí an 'dáta tagartha deiridh RM'. Ríomhfar tomhais riosca FRTB ASA (SBM, DRC agus RRAO) le haghaidh 'an dáta tagartha deiridh RM'. Cuirfidh institiúidí torthaí na ríomhanna sin faoi bhráid a n-údaráis inniúil faoin dáta seoltáin RM. Déanfar IMV agus SBM a thuairisciú maidir le gach ionstraim. Déanfar tomhais riosca, SBM, DRC, RRAO agus Luach Láithreach, i gcás inarb infheidhme, a thuairisciú maidir le gach punann, idir phunanna aonair agus phunanna comhiomlánaithe. Tuairisceofar SBM, DRC agus RRAO, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh na bpunann céanna ar a laghad a ndéantar tomhais riosca a thuairisciú ina leith.
- (bb) Maidir leis na punanna dá dtagraítear i Roinn 7 den Iarscríbhinn seo, tuairisceoidh institiúidí torthaí SBM agus cuirfidh siad isteach iad i gcomhréir le dátaí tuairiscithe thíolacadh an IMV.
- (cc) Maidir le hinstitiúidí a thagann faoi raon feidhme an chleachtaidh tagarmharcála, ní thuairisceoidh siad ach ionstraimí atá cumhdaithe ag samhlacha inmheánacha a bhfuil formheas faighte acu ina leith ó na maoirseoirí agus nach bhfuil toirmeasc ar a dtrádáil trí chinneadh beartais inmheánaigh nó trí theorainneacha ar an gcóras trádála.
- (dd) Ní dhéanfar na torthaí le haghaidh na bpunann aonair agus comhiomlánaithe a thíolacadh ach amháin i gcás ina mbeidh torthaí na n-ionstraimí uile atá mar chuid díobh á dtíolacadh freisin.
- (ee) I Roinn 2 den Iarscríbhinn seo (Ionstraimí), ciallóidh 'Bliain T' '2026', agus Bliain T + X ciallóidh sé 2026 + X, agus X mar a shonraítear i Roinn 2.
- (ff) I Roinn 2 den Iarscríbhinn seo (Ionstraimí), cinnfidh institiúidí an lá éaga/aibíochta i gcomhréir leis na treoracha seo a leanas:
 - (i) I gcás ina sonraítear an dáta, úsáidfear an dáta sonrach sin;
 - (ii) I gcás nach sonraítear aon dáta, úsáidfear comhghnás an mhargaidh, más ann dó. Más rud é, mar shampla, go bhfuil comhghnás margaidh ann gurb é an 3ú hAoine den mhí an lá éaga/aibíochta, ansin ciallóidh 'Mí an Mheithimh, Bliain T' an 3ú hAoine den mhí i mbliain T;
 - (iii) I ndeireadh na míosa, i gcás ina sonraítear 'Deireadh', ciallóidh sé an lá féilire deireanach sa mhí;
 - (iv) I gcás tréimhse sheasta i ndiaidh an 'dáta taifeadta', má shainítear an tréimhse mar líon laethanta, is é lá deiridh na tréimhse é. Más i seachtainí, i míonna nó i mblianta a shainítear an tréimhse, is é an lá céanna é den tseachtain, den mhí nó den bhliain dár gcionn i leith an dáta taifeadta, nó, más giorra í mí nó bliain dheireanach na tréimhse, is é an lá deireanach den mhí nó den bhliain sin é; más lá saoire é an 'dáta taifeadta + tréimhse x', ansin roghnaigh an lá oibre dár gcionn;
 - (v) I gcás nach sonraítear ar shlí eile é úsáidfear na toimhdí seo a leanas: An coinbhinsiún maidir le háireamh laethanta: Iarbhír/360, Féilire laethanta saoire: Target2.
- (gg) I Roinn 2 den Iarscríbhinn seo (Ionstraimí), i gcás gach CDS, ach amháin má shonraítear a mhalairt go sainráite, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:
 - (i) Minicíocht cúpóin: Gach ráithe;
 - (ii) Cúpón (bonnphointí): 100;
 - (iii) Áireamh laethanta: Iarbhír/360;
 - (iv) Bliain Shainmhíniúcháin an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Bhabhtálacha agus Díorthaigh (ISDA): 2014;
 - (v) Clásal athstruchtúrúcháin: Athstruchtúrú modhnaithe-modhnaithe (MMR);
 - (vi) Aibíocht: Mí na Nollag, Bliain T+4;

- (vii) An cineál fiachais: Sinsearach;
 - (viii) Am fágtha roimh aibíocht: 5 Bliana;
 - (ix) Dáta éifeachtach mar dháta taifeadta;
 - (x) Léireofar an cuar lascaire agus an ráta aisghabhála arna n-úsáid sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (d) den Iarscríbhinn seo.
- (hh) Beidh ús fabhráithe san áireamh in IMV ionstraimí bannaí.
- (ii) Soláthróidh institiúidí an fhaisnéis a bhaineann le ham luachála PV, agus luafar an t-am sa nóta míniúcháin dá dtagraítear i bpointe (e) den Roinn seo. I gcás inar féidir, ríomhfar luacháil PV ar uair scoir gnó an lae oibre.
- (jj) Ríomhfar tomhais riosca na bpunann san airgeadra céanna le hairgeadra na punainne, gan aon Riosca Malairte Eachtraí (Riosca FX) a chur san áireamh, a bhaineann freisin le hairgeadra tuairiscithe na n-institiúidí. Ní chuirfear an Riosca Malairte Eachtraí (Riosca FX) san áireamh ach amháin i gcás ina gcuimsítear go dlúth sna hionstraimí é. I gcás ina dtuairiscítear torthaí an airgeadra tuairiscithe agus torthaí airgeadra na punainne araon mar chuid den chleachtadh, le haghaidh fhigiúirí ASA, aistrefar torthaí a ríomhtar in airgeadra tuairiscithe na h-institiúide go hairgeadra na punainne ÚBE trí spot-chomhshó agus úsáid á baint as an spotráta malairte BCE a bhaineann le dáta an ríomha. Leis an aistriú go hairgeadra na punainne ÚBE, ní thugtar athrú ar fhachtóirí riosca malairte eachtraí (riosca FX) le fios.
- (kk) I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 325q(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ('cur chuige an bhunairgeadra'), agus ríomhanna SBM á ndéanamh agus íogaireachtaí SBM á dtuairisciú, measfaidh institiúidí fachtóirí riosca malairte eachtraí (riosca FX) a eascraíonn as cur i bhfeidhm chur chuige an bhunairgeadra. Ní shloinnfear na luachanna tuairiscithe sa bhunairgeadra roghnaithe ach sloinnfear in airgeadra tuairiscithe na n-institiúidí iad trí spot-chomhshó a chur i bhfeidhm agus úsáid á baint as an spotráta malairte BCE a bhaineann leis an dáta ábhartha.

Roinn 2: Ionstraimí

Soláthróidh institiúidí IMV, i gcomhréir leis na teoracha a leagtar síos i Roinn 1 den Iarscríbhinn seo, le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais seo a leanas, ina soláthróidh Institiúidí tomhais riosca agus Luach Láithreach na bpunann a shonraítear i Roinn 3 agus Roinn 4:

COTHROMAS

101. Suíomh fada Innéacs EURO STOXX 50 (Ticear: FESX) Todhchaíochtaí.
- Méid Barúlach: coibhéiseach le luach an innéacs iolraithe faoi 1 000 EUR
- Malartán: Eurex
- Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
102. Suíomh fada 10 000 BAYER (Ticear: BAYN GR) scaireanna.
- Malartán: Xetra
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
103. Suíomh gearr ar Thodhchaíochtaí BAYER (Ticear: BAYN GR).
- Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuitech
- Malartán: Eurex
- Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
104. Suíomh gearr ar Thodhchaíochtaí, STELLANTIS (Ticear: STLA FP).
- Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuitech
- Malartán: Euronext
- Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

105. Suíomh gearr ar Thodhchaíochtaí, ALLIANZ (Ticear: ALV GR).
 Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach
 Malartán: Eurex
 Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T
 Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
106. Suíomh gearr ar Thodhchaíochtaí BARCLAYS (Ticear: BARC LN).
 Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach
 Malartán: Eurex
 Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T
 Airgeadra ionstraim ÚBE: GBP
107. Suíomh gearr ar Thodhchaíochtaí DEUTSCHE BANK (Ticear: DBK GR).
 Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach
 Malartán: Eurex
 Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T
 Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
108. Suíomh gearr ar Thodhchaíochtaí CRÉDIT AGRICOLE (Ticear: ACA FP).
 Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach
 Malartán: Euronext
 Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T
 Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
109. Céadrogha Fhada ar Cheannach. Sócmhainn fholuiteach BAYER (Ticear: BAYN GR), ATM (1 chonradh = 100 scair).
 Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach
 Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T
 Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
110. Céadroganna Gearra ar Cheannach. Sócmhainn fholuiteach BAYER (Ticear: BAYN GR), ATM (1 chonradh = 100 scair).
 Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach
 Dáta éaga: Mí na Nollag, Bliain T
 Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
111. Céadrogha Fhada ar Cheannach. Sócmhainn fholuiteach PFIZER (Ticear: PFE US) 10 % OTM, (1 chonradh = 100 scair).
 Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach
 Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T
 Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
112. Céadrogha Fhada ar Dhíol. Sócmhainn fholuiteach PFIZER (Ticear: PFE US) 10 % OTM, (1 chonradh = 100 scair).
 Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach
 Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T
 Airgeadra ionstraim ÚBE: USD

113. Céadrogha Fhada ar Cheannach. Sócmhainn fholuiteach BAYER (Ticear: BAYN GR), 10 % OTM (1 chonradh = 100 scair).
- Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach
- Dáta éaga: Mí na Nollag, Bliain T
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
114. Céadroghanna Gearra ar Cheannach. Sócmhainn fholuiteach BAYER (Ticear: BAYN GR), 10 % OTM (1 chonradh = 100 scair).
- Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach
- Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
115. Céadrogha Fhada ar Cheannach. Sócmhainn fholuiteach AVIVA (Ticear: AV/LN), 10 % OTM (1 chonradh = 100 scair).
- Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach
- Dáta éaga: Mí na Nollag, Bliain T
- Airgeadra ionstraim ÚBE: GBP
116. Céadrogha Fhada ar Dhíol. Sócmhainn fholuiteach AVIVA (Ticear: AV/LN), 10 % OTM (1 chonradh = 100 scair).
- Méid Barúlach: coibhéiseach le luach 10 000 scair den tsócmhainn fholuiteach
- Dáta éaga: Mí na Nollag, Bliain T
- Airgeadra ionstraim ÚBE: GBP
117. Suíomh gearr ar Thodhchaíochtaí NIKKEI 225 (Ticear NKY).
- Méid Barúlach: coibhéiseach le luach an innéacs iolraithe faoi 20 000 JPY
- Malartán: CME
- Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T
- Airgeadra ionstraim ÚBE: JPY
118. Táirge Cothromais Inghlaoite go huathoibríoch.
- Suíomh fada
- Taifeadadh ar an 'Dáta taifeadta'
- Méid barúlach ('Caipiteal'): EUR 1 000 000
- Sócmhainn fholuiteach: Innéacs EURO STOXX 50 (Ticear: SX5E)
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
- Aibíocht: 5 bliana
- Íocaíocht Amach Bhliantúil agus breathnóireacht bhliantúil ('Dáta taifeadta + 1 bhliain', 'Dáta taifeadta + 2 bhliain', 'Dáta taifeadta + 3 bliana', 'Dáta taifeadta + 4 bliana', 'Dáta taifeadta + 5 bliana'). Tarlaíonn íocaíocht amach 10 lá tar éis an dáta tagartha.
- Cúpón: 6 %
- Leibhéal an uathghlao ('Luach tosaigh'): Deireadh lae Dáta taifeadta + 1 mhí
- Íocaíocht ar chúpón bacadh 60 % de leibhéal an uathghlao
- Bacainn chosanta: 55 % de leibhéal an uathghlao
- Ní ráthaítear caipiteal má tá an t-innéacs faoi bhun na bacadh cosanta (beidh an caipiteal a chuirfear ar ais i mbliain 5 *pro rata* i gcás ina mbeidh an leibhéal faoi bhun na bacadh cosanta: mar shampla, má tá SX5E = 40 % dá leibhéal tosaigh, ansin is é 40 % an caipiteal a aischrítear);
 - Má tá SX5E ≥ 60 % (cúpón bacadh) den luach tosaigh i ndeireadh aon bhliana, ansin is é 6 % an cúpón a íoctar;

- Má tá $SX5E \geq 100\%$ den luach tosaigh i ndeireadh aon bhliana, ansin éilítear an táirge agus is é an íocaíocht amach an cúpón móide an caipiteal (100 %);
- Má tá $SX5E < 60\%$ (cúpón bacainne) den luach tosaigh i ndeireadh aon bhliana, ansin ní íoctar aon chúpón;
- Má tá $SX5E < 55\%$ (bacainn chosanta) den luach tosaigh i ndeireadh bhliain 5, ansin ní íoctar an caipiteal ach ar bhonn *pro rata*. Nó má tá $SX5E \geq 55\%$ (bacainn chosanta) den luach tosaigh i ndeireadh bhliain 5, ansin íoctar an caipiteal ina iomláine.

119. Céadrogha Fhada ar Cheannach. Innéacs EURO STOXX 50 foluiteach (Ticear: SX5E), ATM.

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach an innéacs iolraithe faoi 1 000 EUR

Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

120. Céadrogha Fhada ar Cheannach. Innéacs EURO STOXX 600 foluiteach (Ticear: SXXP), ATM.

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach an innéacs iolraithe faoi 10 000 EUR

Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

121. Suíomh fada Innéacs VIX (CBOE) Todhchaíochtaí.

Méid Barúlach: coibhéiseach le luach an innéacs iolraithe faoi 100 000 USD

Dáta éaga: Mí Mheán Fómhair, Bliain T

Airgeadra ionstraim ÚBE: USD

RÁTA ÚIS (IR)

201. IRS 5 bliana EUR – Faightear ráta seasta agus íoctar ráta comhlúthach.

Céim sheasta: faightear go bliantúil

Ráta comhlúthach: EURIBOR 6 mhí, íoctar go leathbhliantúil. Áireamh laethanta: Iarbhír/360

Méid Barúlach: EUR 10 000 000

Coinbhinsiún agus féilire maidir le hathsceidealú dátaí: caighdeánach

Dáta éifeachtach mar dháta taifeadta (i.e. is iad na rátaí a bheidh le húsáid na rátaí a bheidh ann ar dhruidim an mhargaidh ón dáta taifeadta)

Aibíocht: Dáta taifeadta + 5 bliana

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

202. Roghtáil EUR 2 bhliain ar IRS 5 bliana EUR – íoctar ráta seasta agus faightear ráta comhlúthach.

Méid Barúlach: EUR 10 000 000.

Is í an institiúid díoltóir na rogha sa bhabhtáil. Ceannaíonn contrapháirtí na hinstitiúide an ceart dul isteach i mbabhtáil leis an institiúid; má fheidhmíonn an contrapháirtí a cheart, gheobhaidh an contrapháirtí an ráta seasta fad a gheobhaidh an institiúid an ráta comhlúthach.

Roghtáil lena mbaineann aibíocht 2 bhliain (Dáta taifeadta + 2 bhliain) ar IRS a shainmhínítear mar a leanas: Céim sheasta – íoctar go bliantúil; Ráta comhlúthach: EURIBOR 6 mhí, faightear go leathbhliantúil; Méid Barúlach: EUR 10 000 000; Coinbhinsiún agus féilire maidir le hathsceidealú dátaí: caighdeánach; Dáta éifeachtach bhabhtáil na sócmhainne foluití: Dáta taifeadta + 2 bhliain.

Aibíocht bhabhtáil na sócmhainne foluití: Dáta taifeadta + 7 mbliana

Préimh a íoctar ar an dáta taifeadta (Dáta taifeadta). Airgead socraithe

Tá an praghas ceangail bunaithe ar ráta ATM na babhtála réamhthosaithe a shainítear san ionstraim seo

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

203. IRS 5 bliana USD. Faightear ráta seasta agus íoctar ráta comhlúthach.

Ráta seasta: faightear go bliantúil

Ráta comhlúthach: Ráta SOFR USD 3 mhí (SOFR thar oíche, iolraithe go laethúil), íoctar go ráithiúil

Méid Barúlach: USD 1 000 000

Coinbhinsiún agus féilire maidir le hathsceidealú dátaí: caighdeánach

Dáta éifeachtach mar dháta taifeadta (i.e. is iad na rátaí a bheidh le húsáid na rátaí a bheidh ann ar dhruim an mhargaidh ón dáta taifeadta)

Dáta aibíochta: Dáta taifeadta + 5 bliana

Airgeadra ionstraim ÚBE: USD

204. IRS 2 bhliain GBP. Faightear ráta seasta agus íoctar ráta comhlúthach.

Ráta seasta: faightear go bliantúil

Ráta comhlúthach: Ráta SONIA (thar oíche) arna iolrú agus a íoctar go ráithiúil. Áireamh laethanta: Iarbhír/365

Méid Barúlach: GBP 10 000 000

Coinbhinsiún agus féilire maidir le hathsceidealú dátaí: caighdeánach

Dáta éifeachtach mar dháta taifeadta (i.e. is iad na rátaí a bheidh le húsáid na rátaí a bheidh ann ar dhruim an mhargaidh ón dáta taifeadta)

Aibíocht: Dáta taifeadta + 2 bhliain

Airgeadra ionstraim ÚBE GBP

205. Nóta ráta chomhlúthaigh 10 mbliana faoi choiléar arna dhíol ag UBS.

Méid Barúlach (Príomhshuim): USD 1 000 000.

Is oibleagáidí neamhurráithe sinsearach UBS AG ('UBS') iad Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (na 'Nótaí').

Airgeadra ionstraim ÚBE USD

- Beidh ús ar na Nótaí de réir ráta in aghaidh na bliana a bheidh cothrom le SOFR USD 3-Mhí (SOFR thar oíche, iolraithe go laethúil) móide 1,5 % sa bhliain (an 'Ráta Úis Comhlúthach'), faoi réir uasráta úis 7,5 % sa bhliain ('an Chaidhp Ráta Úis') agus íosráta úis 2,5 % sa bhliain ('an Tíosráta Úis').
- Beidh aon íocaíocht ar na Nótaí, lena n-áirítear ús agus príomhshuim ar aibíocht, faoi réir acmhainneacht chreidmheasa UBS AG. Iarrtar ar institiúidí cuairt lascaire iomchuí a úsáid, agus tugtar spreagadh maidir leis sin sa nóta míniúcháin.
- Ioncam: Íocfaidh na Nótaí ús gach ráithe de réir ráta atá cothrom leis an Ráta Úis Comhlúthach, ar choinníoll go bhfuil an méid a leanas fíor i gcás aon Dáta Cinnte Cúpóin; (i) má tá an Ráta Úis Comhlúthach níos lú ná an Tíosráta Úis, ansin beidh an ráta úis is infheidhme le haghaidh na Tréimhse Úis lena mbaineann cothrom leis an Íosráta Úis, nó (ii) má tá an Ráta Úis Comhlúthach níos mó ná an Chaidhp Ráta Úis, ansin beidh an ráta úis is infheidhme le haghaidh na Tréimhse Úis lena mbaineann cothrom leis an gCaidhp Ráta Úis.

Méid Íocaíochta Úis

Beidh an méid úis a bheidh le híoc ar na Nótaí le haghaidh Tréimhse Úis cothrom le toradh an mhéid seo a leanas; (a) príomhshuim na Nótaí, (b) an Ráta Úis is Infheidhme le haghaidh na Tréimhse Úis sin agus (c) codán arb é is uimhreoire dó an líon laethanta sa Tréimhse Úis (arna ríomh ar bhonn bliain 360 lá ina bhfuil 12 mhí dar fad 30 lá) agus arb é 360 an t-ainmneoir.

Dáta Trádála agus Socraíochta	'Dáta taifeadta'
Dátaí Íocaíochta Úis	Gach ráithe, ar an Dáta taifeadta + 3 mhí, Dáta taifeadta + 6 mhí, Dáta taifeadta + 9 mí agus Dáta taifeadta + 1 bhliain, dar tús an Dáta taifeadta + 3 mhí, le linn théarma na Nótaí (faoi réir coigeartuithe, mar a thuairiscítear anseo).
Dáta Aibíochta Airgeadra	Dáta taifeadta + 10 mbliana USD
Bonn áirimh laethanta	30/360
An Coinbhinsiún maidir le Lá Gnó	Tar éis 'Neamhchoigeartaithe'
Cúpón a Chinneadh	I gcás gach Tréimhse Úis, an dara lá Baincéireachta London díreach roimh an Dáta Úis ábhartha.
Dáta	Ciallaíonn 'Lá Baincéireachta London' aon lá ar a mbíonn bainc thráchtála ar oscailt le haghaidh gnó ginearálta (lena n-áirítear déileálacha i malairt eachtrach agus i dtaiscí airgeadra eachtraigh) i Londain agus ar a ndéantar déileálacha i ndollair SAM i margadh idirbhainc London.

206. Suíomh fada EUR 1 000 000 RIALTAS NA GEARMÁINE (Boilsciú) (ISIN DE0001030583).

Aibíocht: an 15 Aibreán 2033

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

207. Suíomh gearr EUR 1 000 000 RIALTAS NA GEARMÁINE (ISIN DE0001030708).

Aibíocht: an 15 Lúnasa 2030

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

208. Suíomh fada EUR 1 000 000 RIALTAS NA hIODÁILE (Boilsciú) (ISIN IT0005138828).

Aibíocht: an 15 Meán Fómhair 2032

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

209. Suíomh fada EUR 1 000 000 RIALTAS NA hIODÁILE (ISIN IT0005340929).

Aibíocht: an 1 Nollaig 2028

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

210. Suíomh fada EUR 1 000 000 RIALTAS NA SPÁINNE (ISIN ES00000127A2).

Aibíocht: an 30 Iúil 2030

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

211. Suíomh gearr EUR 1 000 000 RIALTAS NA FRAINCE (ISIN FR0012993103).

Aibíocht: an 25 Bealtaine 2031

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

212. Suíomh gearr EUR 1 000 000 RIALTAS NA GEARMÁINE (ISIN DE0001135176).

Aibíocht: an 4 Eanáir 2031

Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

213. Suíomh fada GBP 1 000 000 RIALTAS NA RÍOCHTA AONTAITHE (ISIN GB0004893086).

Aibíocht: an 7 Meitheamh 2032

Airgeadra ionstraim ÚBE: GBP

214. Suíomh fada EUR 1 000 000 RIALTAS NA PORTAINGÉILE (ISIN PTOTEXOE0024).
Aibíocht: an 15 Meitheamh 2029
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
215. Suíomh gearr USD 1 000 000 RIALTAS SAM (ISIN US91282CAV37).
Aibíocht: an 15 Samhain 2030
Airgeadra ionstraim ÚBE USD
216. Suíomh fada USD 1 000 000 RIALTAS NA BRASAÍLE (inghlaoite) (ISIN US105756BZ27).
Aibíocht: an 13 Eanáir 2028
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
217. Suíomh fada USD 1 000 000 RIALTAS MHEICSICEO (inghlaoite) (ISIN US91087BAT70).
Aibíocht: an 19 Bealtaine 2033
Airgeadra ionstraim ÚBE USD
218. IRS 10 mbliana EURO – Faightear ráta comhlúthach agus íoctar ráta seasta.
Céim sheasta: íoctar gach bliain
Ráta comhlúthach: EURIBOR 3 mhí, faightear gach ráithe. Áireamh laethanta: Iarbhír/360
Méid Barúlach: EUR 10 000 000
Coinbhinsiún agus féilire maidir le hathsceidealú dátaí: caighdeánach
Dáta éifeachtach mar dháta taifeadta (i.e. is iad na rátaí a bheidh le húsáid na rátaí a bheidh ann ar dhruidim an mhargaidh ar an dáta taifeadta)
Aibíocht: Dáta taifeadta + 10 mbliana
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
219. IRS 5 bliana EURO – Faightear ráta comhlúthach agus íoctar ráta seasta.
Céim sheasta: íoctar gach bliain
Ráta comhlúthach: EURIBOR 6-mhí, faightear gach 6 mhí. Áireamh laethanta: Iarbhír/360
Méid Barúlach: EUR 10 000 000
Coinbhinsiún agus féilire maidir le hathsceidealú dátaí: caighdeánach
Dáta éifeachtach mar dháta taifeadta (i.e. is iad na rátaí a bheidh le húsáid na rátaí a bheidh ann ar dhruidim an mhargaidh ar an dáta taifeadta)
Aibíocht: Dáta taifeadta + 5 bliana
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
220. BABHTÁIL Trasairgeadra EUR/USD 5 bliana le Marcáil ón Margadh (MtM). Faightear USD agus íoctar EUR.
EUR: ESTER 3 mhí, íoctar go ráithiúil arna iolrú le moill-aga íocaíochta 2 lá. Áireamh laethanta: Iarbhír/360
USD: SOFR 3 mhí (SOFR thar oíche, iolraithe go laethiúil), faightear go ráithiúil arna iolrú le moill-aga íocaíochta 2 lá. Áireamh laethanta: Iarbhír/360
Céim 1 – USD: Méid barúlach choibhéis EUR 10 000 000 arna choigeartú ar bhonn ráithiúil
Céim 2 – EUR: EUR Barúlach 10 000 000
Coinbhinsiún agus féilire maidir le hathsceidealú dátaí: caighdeánach
Dáta éifeachtach mar dháta taifeadta + 6 mhí
Aibíocht: Dáta taifeadta + 5,5 bliain
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
Féach freisin Roinn 6 den Iarscríbhinn seo – Sonraíochtaí breise le haghaidh na hIonstraime

221. IRS 10 mbliana EURO – Faightear ESTER agus íoctar EURIBOR.
- Céim ESTER: faightear go bliantúil. Áireamh laethanta: Iarbhír/360
- Céim EURIBOR: EURIBOR 3 mhí + Bonnráta, íoctar gach ráithe. Áireamh laethanta: Iarbhír/360
- Méid Barúlach: EUR 10 000 000
- Coinbhinsiún agus féilire maidir le hathsceidealú dátaí: caighdeánach
- Dáta éifeachtach mar dháta taifeadta (i.e. is iad na rátaí a bheidh le húsáid na rátaí a bheidh ann ar dhruim an mhargaidh ón dáta taifeadta)
- Aibíocht: Dáta taifeadta + 10 mbliana
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
222. Suíomh fada EUR 1 000 000 RIALTAS NA hIODÁILE (Boilsciú) (ISIN IT0005387052).
- Aibíocht: an 15 Bealtaine 2030
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
223. Babhtáil cúpóin nialasaigh bunaithe ar bhoilsciú 5 bliana EUR – Faightear fáltas atá innéacsaithe le boilsciú agus íoctar ráta seasta (r).
- Innéacs Boilscithe: CPI (HICP_{XT})
- Céim sheasta (íocaíocht sheasta): $[(1 + r)^5 - 1]$
- Faightear fáltas atá innéacsaithe ar bhoilsciú: $\left[\left(\frac{\text{CPI ag an dáta deiridh (aibíochta)}}{\text{CPI ag an dáta tosaigh}} \right) - 1 \right]$
- Méid Barúlach: EUR 10 000 000
- Dáta socraithe bunaidh: Dáta taifeadta - 3 mhí
- Socrú Deiridh: Dáta taifeadta + 4 bliana 9 mí
- Aibíocht: Dáta taifeadta + 5 bliana
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
224. Roghtáil EUR 2 bhliain ar IRS 5 bliana EUR– faightear ráta seasta agus íoctar ráta comhlúthach.
- Méid Barúlach: EUR 10 000 000.
- Is í an institiúid díoltóir na rogha sa bhabhtáil. Ceannaíonn contrapháirtí na hinstitiúide an ceart dul isteach i mbabhtáil leis an institiúid; má fheidhmíonn an contrapháirtí a cheart, gheobhaidh an contrapháirtí an ráta comhlúthach fad a gheobhaidh an institiúid an ráta seasta.
- Roghtáil lena mbaineann aibíocht 2 bhliain (Dáta taifeadta + 2 bhliain) ar IRS a shainmhínítear mar a leanas: Céim sheasta – faightear go bliantúil; Ráta comhlúthach: EURIBOR 6 mhí, íoctar gach 6 mhí; Méid Barúlach: EUR 10 000 000; Coinbhinsiún agus féilire maidir le hathsceidealú dátaí: caighdeánach; Dáta éifeachtach bhabhtáil na sócmhainne foluití: Dáta taifeadta + 2 bhliain.
- Aibíocht bhabhtáil na sócmhainne foluití: Dáta taifeadta + 7 mbliana
- Préimh a íoctar ar an dáta taifeadta (Dáta taifeadta). Airgead socraithe
- Tá an praghas ceangail bunaithe ar ráta ATM na babhtála réamhthosaithe a shainítear san ionstraim seo + 100 bonnphointe
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
- FX**
301. Conradh réamhcheaptha USD/EUR 6 mhí. Airgead socraithe. USD Fada – EUR Gearr; USD Barúlach 10 000 000; Ceangal Tosaigh: cothrom le 100 % den spotráta tagartha BCE ábhartha i ndeireadh an dáta taifeadta.
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

302. Conradh réamhcheaptha 6-mhí EUR/GBP. Airgead socraithe. EUR Fada – GBP Gearr; GBP Barúlach 10 000 000; Ceangal Tosaigh: cothrom le 100 % den spotráta tagartha BCE ábhartha i ndeireadh an dáta taifeadta.
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
303. Suíomh fada 10 000 000 USD in Airgead tirim.
- Suíomh airgid thirim. Measfar go bhfuil riosca malairte eachtraí (riosca FX) intreach aige mar a thuairiscítear i mír (kk)
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
304. Céadrogha Fhada ar Cheannach EUR/USD (EUR fada, USD gearr). Airgead socraithe. Méid Barúlach: EUR 10 000 000. Méid coibhéiseach bunaithe ar spotráta tagartha EUR/USD an Bhainc Ceannais Eorpaigh ó dheireadh an dáta taifeadta.
- Praghas ceangail: 110 % de ráta tagartha EUR/USD an Bhainc Ceannais Eorpaigh ó dheireadh an dáta taifeadta
- Dáta éaga: Dáta taifeadta + 1 bhliain
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
305. Céadrogha Fhada ar Cheannach EUR/USD (EUR fada, USD gearr). Airgead socraithe. Méid Barúlach: EUR 10 000 000. Méid coibhéiseach bunaithe ar spotráta tagartha EUR/USD an Bhainc Ceannais Eorpaigh ó dheireadh an dáta taifeadta.
- Praghas ceangail: 90 % de ráta tagartha EUR/USD an Bhainc Ceannais Eorpaigh ó dheireadh an dáta taifeadta
- Dáta éaga: Dáta taifeadta + 1 bhliain
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
306. Céadrogha Ghearr ar Cheannach EUR/USD (EUR gearr, USD fada). Airgead socraithe. Méid Barúlach: EUR 10 000 000. Méid coibhéiseach bunaithe ar spotráta tagartha EUR/USD an Bhainc Ceannais Eorpaigh ó dheireadh an dáta taifeadta.
- Praghas ceangail: 100 % de ráta tagartha EUR/USD an Bhainc Ceannais Eorpaigh ó dheireadh an dáta taifeadta
- Dáta éaga: Dáta taifeadta + 1 bhliain
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
307. Céadrogha Ghearr ar Cheannach EUR/GBP (EUR gearr, GBP fada). Airgead socraithe. Méid Barúlach: EUR 10 000 000. Méid coibhéiseach bunaithe ar spotráta tagartha EUR/GBP an Bhainc Ceannais Eorpaigh ó dheireadh an dáta taifeadta.
- Praghas ceangail: 110 % de ráta tagartha EUR/GBP an Bhainc Ceannais Eorpaigh ó dheireadh an dáta taifeadta
- Dáta éaga: Dáta taifeadta + 1 bhliain
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
308. Céadrogha Fhada ar Dhíol EUR/JPY (EUR gearr, JPY fada). Airgead socraithe. Méid Barúlach: EUR 10 000 000. Méid coibhéiseach bunaithe ar spotráta tagartha EUR/JPY an Bhainc Ceannais Eorpaigh ó dheireadh an dáta taifeadta.
- Praghas ceangail: 110 % de ráta tagartha EUR/JPY an Bhainc Ceannais Eorpaigh ó dheireadh an dáta taifeadta
- Dáta éaga: Dáta taifeadta + 1 bhliain
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
309. Céadrogha Ghearr ar Dhíol EUR/AUD (EUR fada, AUD gearr). Airgead socraithe. Méid Barúlach: EUR 10 000 000. Méid coibhéiseach bunaithe ar spotráta tagartha EUR/AUD an Bhainc Ceannais Eorpaigh ó dheireadh an dáta taifeadta.
- Praghas ceangail: 110 % de ráta tagartha EUR/AUD an Bhainc Ceannais Eorpaigh ó dheireadh an dáta taifeadta
- Dáta éaga: Dáta taifeadta + 1 bhliain
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

310. Conradh réamhcheaptha EUR/DKK 6 mhí (EUR fada, DKK gearr). Airgead socraithe; EUR Barúlach 10 000 000;
Ceangal Tosaigh: cothrom le 100 % de spotráta tagartha EUR/DKK ábhartha an Bhainc Ceannais Eorpaigh i ndeireadh an dáta taifeadta.
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
311. Conradh réamhcheaptha neamh-insoláthartha EUR/BRL 6 mhí (EUR fada, BRL gearr); EUR Barúlach 10 000 000;
Ceangal Tosaigh: cothrom le 100 % de spotráta tagartha EUR/BRL ábhartha an Bhainc Ceannais Eorpaigh i ndeireadh an dáta taifeadta.
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

TRÁCHTEARRAÍ

401. Suíomh fada 6 mhí 3 500 unsa troí 'London Gold Forward' (Gold fada, USD gearr). Airgead Socraithe. Praghas Ceangail: Réamhphraghas 6 mhí i ndeireadh an lae ar an dáta taifeadta
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
402. Suíomh gearr 12 mhí 3 500 unsa troí 'London Gold Forward' (Gold gearr, USD fada). Airgead Socraithe. Praghas Ceangail: Réamhphraghas 12 mhí i ndeireadh an lae ar an dáta taifeadta
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
403. Céadrogha Ghearr ar Cheannach 30 000 bairille Amhola Brent (Amhola Brent fada, USD gearr). Airgead socraithe. Praghas ceangail: Réamhphraghas 12 mhí i ndeireadh an lae ar an dáta taifeadta. Dáta éaga: Dáta taifeadta + 6 mhí
Airgeadra ionstraim ÚBE USD
404. Céadrogha Ghearr ar Dhíol 30 000 bairille Amhola Brent (Amhola Brent fada, USD gearr). Airgead socraithe. Praghas ceangail: Réamhphraghas 12 mhí i ndeireadh an lae ar an dáta taifeadta. Dáta éaga: Dáta taifeadta + 6 mhí
Airgeadra ionstraim ÚBE USD
405. Céadrogha Fhada ar Cheannach 5 000 unsa troí 'London Gold' (Gold fada, USD gearr). Airgead socraithe. Praghas ceangail: Réamhphraghas 18 mí i ndeireadh an lae ar an dáta taifeadta. Dáta éaga: Dáta taifeadta + 18 mí
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD

RAON DIFRÍOCHTA CREIDMHEASA

501. Suíomh fada (i.e. Ceannaigh cosaint) CDS USD 1 000 000 ar an bPORTAINGÉIL.
Clásal athstruchtúrúcháin: IOMLÁN
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
502. Suíomh fada (i.e. Ceannaigh cosaint) CDS USD 1 000 000 ar an IODÁIL.
Clásal athstruchtúrúcháin: IOMLÁN
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
503. Suíomh gearr (i.e. Díol cosaint) CDS USD 1 000 000 ar an SPÁINN.
Clásal athstruchtúrúcháin: IOMLÁN
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
504. Suíomh fada (i.e. Ceannaigh cosaint) CDS USD 1 000 000 ar MHEICSICEO.
Clásal athstruchtúrúcháin: IOMLÁN
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD

505. Suíomh fada (i.e. Ceannaigh cosaint) CDS USD 1 000 000 ar an mBRASAÍL.
Clásal athstruchtúrúcháin: IOMLÁN
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
506. Suíomh fada (i.e. Ceannaigh cosaint) CDS USD 1 000 000 ar an RÍOCHT AONTAITHE.
Clásal athstruchtúrúcháin: IOMLÁN
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
507. Suíomh gearr (i.e. Díol cosaint) CDS EUR 1 000 000 ar Telefonica (Ticear TEF SM).
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
508. Suíomh fada (i.e. Ceannaigh cosaint) CDS EUR 1 000 000 ar Telefonica (Ticear TEF SM).
Aibíocht: Mí na Nollag, Bliain T+2
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
509. Suíomh gearr (i.e. Díol cosaint) CDS EUR 1 000 000 ar Aviva (Ticear AV LN).
Sainmhínte ISDA bliain 2003
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
510. Suíomh fada (i.e. Ceannaigh cosaint) CDS EUR 1 000 000 ar Aviva (Ticear AV LN).
Sainmhínte ISDA bliain 2003
Aibíocht: Mí na Nollag, Bliain T+2
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
511. Suíomh gearr (i.e. Díol cosaint) CDS EUR 1 000 000 ar Vodafone (Ticear VOD LN).
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
512. Suíomh gearr (i.e. Díol cosaint) CDS EUR 1 000 000 ar ENI SpA (Ticear ENI IM).
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
513. Suíomh gearr (i.e. Díol cosaint) CDS USD 1 000 000 ar Eli Lilly (Ticear LLY US).
Clásal athstruchtúrúcháin: Gan athstruchtúrú (XR14)
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
514. Suíomh gearr (i.e. Díol cosaint) CDS EUR 1 000 000 ar Unilever (Ticear UNA NA).
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
515. Suíomh fada (i.e. Ceannaigh cosaint) CDS EUR 1 000 000 ar Total SA (Ticear FP FP).
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
516. Suíomh fada (i.e. Ceannaigh cosaint) CDS EUR 1 000 000 ar Ghrúpa Volkswagen (Ticear VOW GR).
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
517. Suíomh fada USD 1 000 000 ar nótaí Rialtas na TUIRCE (ISIN US900123CT57).
Aibíocht: an 26 Aibreán 2029
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD

518. Suíomh fada (i.e. Ceannaigh cosaint) CDS USD 1 000 000 ar an TUIRC. Dáta éifeachtach mar dháta taifeadta.
Clásal athstruchtúrúcháin: IOMLÁN
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
519. Suíomh fada EUR 1 000 000 ar nótaí Telefonica (ISIN XS1681521081).
Aibíocht: an 12 Eanáir 2028
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
520. Suíomh fada EUR 1 000 000 ar nótaí an Ghrúpa Volkswagen (ISIN XS2234567233).
Aibíocht: an 22 Meán Fómhair 2028
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
521. Suíomh gearr EUR 1 000 000 ar nótaí an Ghrúpa Volkswagen (ISIN XS1167667283).
Aibíocht: an 16 Eanáir 2030
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
522. Suíomh fada EUR 1 000 000 ar nótaí Total SA (ISIN XS1856281834).
Aibíocht: an 11 Iúil 2033
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
523. Suíomh fada EUR 1 000 000 RIALTAS NA hOSTAIRE (ISIN AT0000A04967).
Aibíocht: an 15 Márta 2037
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
524. Suíomh fada (i.e. Ceannaigh cosaint) CDS USD 1 000 000 ar an OSTAIR.
Aibíocht: Mí an Mheithimh, Bliain T+15
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
525. Suíomh fada EUR 1 000 000 RIALTAS NA hÍSILTÍRE (ISIN NL0013552060).
Aibíocht: an 15 Eanáir 2040
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
526. Suíomh fada (i.e. Ceannaigh cosaint) CDS USD 1 000 000 ar an ÍSILTÍR.
Aibíocht: Mí an Mheithimh, Bliain T+20
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
527. Suíomh fada EUR 1 000 000 RIALTAS NA BEILGE (ISIN BE0000348574).
Aibíocht: an 22 Meitheamh 2050
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
528. Suíomh fada (i.e. Ceannaigh cosaint) CDS USD 1 000 000 ar an mBEILG.
Aibíocht: Mí an Mheithimh, Bliain T+30
Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
529. Suíomh fada (Ceannaigh cosaint) CDS EUR 10 000 000 ar shraith 'on-the-run' ('nua-eisithe') innéacs iTraxx Europe.
Aibíocht: Mí an Mheithimh, Bliain T+4
Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR

530. Céadrogha ghearr ar dhíol. EUR 10 000 000. Sraith 'on-the-run' ('nua-eisithe') innéacs iTraxx Europe fholuitech, (an ionstraim céanna le 529).
- Praghas ceangail: ATM
- Dáta éaga: Dáta taifeadta + 6 mhí
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
531. Suíomh fada AXA SA (inghlaoite) EUR 1 000 000 (ISIN XS1799611642).
- Aibíocht: an 28 Bealtaine 2049
- Airgeadra ionstraim ÚBE: EUR
532. Banna fada AT&T (inghlaoite) USD 1 000 000 (ISIN US00206RFW79).
- Aibíocht: an 15 Lúnasa 2037
- Airgeadra ionstraim ÚBE: USD
